



Rang 5 & Rang 6
Drama



Marcel Marceau



Sa rang drámaíochta inniu, labhair Múinteoir Clíona faoi Marcel Marceau, aisteoir agus mímeadóir cáiliúil ón bhFrainc. Is ionann mímeadóir agus aisteoir a chuireann scéal in iúl gan focail a úsáid.

Baineann an mímeadóir leas as an gcolainn, as dreacha agus an tsamhlaíocht.

Carachtar cáiliúil de chuid Marcel ab ea an fear grinn Blip. Chun an carachtar seo a chur in iúl, chaith Marcel geansaí stríocach, péint bhán ar a aghaidh agus hata a raibh bláth ag gobadh amach as!



Marcel Marceau

Ach an raibh fhios agat go raibh cáil ar mhímeadóir in Éirinn chomh maith?



Ba mímeadóir cáiliúil é Thom McGinty, ar a dtugadh an Diceman chomh maith, agus dhéanadh sé taispeántais ar shráideanna Bhaile Átha Cliath. Sa phictiúr thuas tá sé ar Shráid Anraí i mBaile Átha Cliath agus slua mór ina thimpeall. Bhíodh an Diceman le feiscint in a thost ar shráideanna Bhaile Átha Cliath sna 1980idí agus sna 1990idí. D'fhéachadh na sluaite ar a thaispeántais, cé nach labhraíodh sé focal!



Lá amháin ghléas sé cosúil leis an Mona Lisa, an fráma san áireamh, agus ghlaigh sé Mona McGinty air féin! Bhí an oiread sin cáil ar Thom go raibh sé ar an Late Late Show. Aisteoir cumasach a bhí ann chomh maith agus bhí páirteanna aige i ndrámaí in amharclanna ar fud na hÉireann.



Cleachtadh 1

Cleasanna le bheith i do mhímeadóir!

Inniu déanfaimid cleachtadh ar theicníc an mhímeadóra. Baineann mímeadóirí leas astu seo chun seachmaill ghreannmhara a chruthú! Is féidir geansaí stríocach agus hata a chaitheamh más mian leat cuma an mhímeadóra a bheith ort!

Tarraing téad shamhailteach!



Bíodh téad shamhailteach á tarraingt agat! Cuir do mheáchan ar an goos ar chúl ionas go mbeidh tú ag cromadh siar. Ná tit!

Anois sín do lámha amach ar an airde chéanna os do chomhair agus beir greim ar an téad le do dhoirne.

Bain úsáid as na matáin i d'aghaidh agus lig ort go bhfuil tú ag stretchailt! Féach an pictiúr thuas. Beidh an chuma ort go bhfuil téad á tarraingt agat!



Cleachtadh 1

Siúl ar théad rite!



Let's pretend you are walking on a tightrope way up in the Lig ort go bhfuil tú ag siúl ar théad rite go hard san aer! Agus tú ag siúl, coinnigh cos amháin in airde agus lig ort go bhfuil tú ag iarraidh do chothromaíocht a choinneáil. Ansin croith do lámha san aer ionas go mbeidh an chuma ort go bhfuil tú ag streachailt chun fanacht in airde. Cuireadh do dhreach in iúl go bhfuil imní ort go dtitfidh tú!

Lig ort go bhfuil balún trom á bhrú agat!



Ceann barrúil é seo! Faigh balún agus lig ort go bhfuil tú á bhrú! Tá sé seo cosúil leis an mím inar tharraing tú an téad, ach go mbeidh tú ag cromadh chun tosaigh! Is cuma cén iarracht a dhéanfaidh tú chun é a "bhrú", ní chóir don bhalún bogadh.



Cleachtadh 1

Lig ort go bhfuil tú ar rothar gluaiste



Tá an ceann seo deacair ó ní féidir leat fuaim a dhéanamh! Ach samhlaigh mar a bheadh sé a bheith i do shuí ar rothar gluaiste. Beir “greim” ar na hanlaí. Gach uair a chasfaidh tú an luasaire, taispeánadh do cholainn go bhfuil tú ag bogadh ar nós na gaoithe!

Bain taca as seif shamhailteach!



Is féidir é seo a dhéanamh in áit ar bith! Déan iarracht do chosa a thrasnú ar a chéile agus lámh a leagan ar do chromán!



Cleachtadh 1

Lig ort go bhfuil stoirm ann!



Beidh scáth fearhainne ag teastáil chuige seo. Cuir suas an scáth fearhainne agus lig ort go bhfuil an ghaoth chomh láidir sin nach fusa duit siúl ar aghaidh! Ní mór duit cromadh siar chun tarraingt an scáth fearhainne a chur in iúl. Siúl gach céim chun tosaigh go han-han-mhall agus bíodh an ghaoth do do bhrú siar anois agus arís chomh maith!

Lig ort gur pictiúr cáiliúil thú!



Lig an Diceman air gurb é an Mona Lisa.

Bain leas as fráma folamh (iarr cead ar dtús!) agus lig ort gur pictiúr cáiliúil thú. Is féidir péint aghaidhe nó culaith bhréige a chur ort chomh maith!